Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)**

**13668/22**

**AGRI 549
AGRIFIN 120
AGRIORG 109
AGRISTR 75
DELACT 185**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Deireadh Fómhair 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 7233 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an 17.10.2022 lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 807/2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena dtugtar isteach foralacha idirthréimhseacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 7233 final.

---

Faoi iamh: C(2022) 7233 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.10.2022
C(2022) 7233 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 17.10.2022**

**lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 807/2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena dtugtar isteach forálacha idirthréimhseacha**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], leagtar síos creat dlíthiúil nua le haghaidh an chomhbheartais talmhaíochta (CBT) chun feabhas a chur ar an gcaoi a soláthraíonn sé cuspóirí an Aontais a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Sa Rialachán sin sonraítear a thuilleadh na cuspóirí sin de chuid an Aontais atá le baint amach leis an gcomhbheartas talmhaíochta agus sainítear ann na cineálacha idirghabhála mar aon le ceanglais choiteanna an Aontais is infheidhme maidir leis na Ballstáit, agus, san am céanna, solúbthacht á fágáil ag na Ballstáit i gceapadh na n-idirghabhálacha atá le tabhairt ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2027.

Foráiltear le Rialachán (AE) 2021/2115 maidir le cineálacha idirghabhála le haghaidh forbairt tuaithe. Mar thoradh air sin, aisghairtear leis Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] le héifeacht ón 1 Eanáir 2023. Sa chomhthéacs sin, ghlac an Coimisiún ceanglais bhreise de bhun Rialachán (AE) 2021/2115 maidir le ceapadh na n-idirghabhálacha atá le sonrú sna Pleananna Straitéiseacha CBT, eadhon le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún[3]. Cuirtear an Rialachán sin in ionad na rialacha a leagtar síos faoi láthair i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 807/2014 ón gCoimisiún[4]. Ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 807/2014 ón gCoimisiún a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2023.

Ós rud é go dtugtar le Rialachán (AE) 2021/2115 níos mó solúbthachta do na Ballstáit maidir le ceapadh na n-idirghabhálacha atá le soláthar ina bPleananna Straitéiseacha CBT agus, dá bhrí sin, nach bhfuil na cumhachtuithe céanna ann agus atá i Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, ba cheart an aisghairm a bhunú ar chumhachtuithe an Rialacháin sin a úsáideadh chun Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 807/2014 a ghlacadh.

I gcomhréir le hAirteagal 154(1) de Rialachán (AE) 2021/2115, ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 807/2014 fós, mar sin féin, maidir le cur chun feidhme na

---

1 Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

2 Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487).

3 Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais bhreise maidir le cineálacha áirithe idirghabhála arna sonrú ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse 2023 go 2027 faoin Rialachán sin mar aon le rialacha maidir leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC) (IO L 20, 31.1.2022, lch. 52).

4 Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 807/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena dtugtar isteach forálacha idirthréimhseacha (IO L 227, 31.7.2014, lch. 1).

gclár forbartha tuaithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 go dtí an 31 Nollaig 2025 agus maidir le caiteachas arna thabhú ag na tairbhithe agus arna íoc ag an ngníomhaireacht íocaíochta faoi chuimsiú na gclár forbartha tuaithe sin go dtí an 31 Nollaig 2025.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

An 3 Deireadh Fómhair 2022 reáchtáladh comhairliúchán laistigh den Sainghrúpa i ndáil le cur chun feidhme an rialacháin maidir leis na pleananna straitéiseacha CBT, ar comhairliúchán é ina raibh saineolaithe ó na 27 mBallstát uile páirteach ann.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an nGníomh Tarmligthe, aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 807/2014, a glacadh ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, ós rud é go n-aisghairtear an Rialachán deireanach sin ón 1 Eanáir 2023 ar aghaidh.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 17.10.2022**

**lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 807/2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena dtugtar isteach forálacha idirthréimhseacha**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 2(3), Airteagal 14(5), Airteagal 16(5), Airteagal 19(8), Airteagal 22(3), Airteagal 28(10) agus (11), Airteagal 29(6), Airteagal 30(8), Airteagal 33(4), Airteagal 34(5), Airteagal 35(10), Airteagal 36(5), Airteagal 45(6), Airteagal 47(6) agus Airteagal 89 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], leagtar síos creat dlíthiúil nua le haghaidh an chomhbheartais talmhaíochta (CBT) chun feabhas a chur ar an gcaoi a soláthraíonn sé cuspóirí an Aontais a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Sa Rialachán sin sonraítear a thuilleadh na cuspóirí sin de chuid an Aontais atá le baint amach leis an gcomhbheartas talmhaíochta agus sainítear ann na cineálacha idirghabhála mar aon le ceanglais choiteanna an Aontais is infheidhme maidir leis na Ballstáit, agus, san am céanna, solúbthacht á fágáil ag na Ballstáit i gceapadh na n-idirghabhálacha atá le tabhairt ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2027.

(2) Foráiltear le Rialachán (AE) 2021/2115 maidir le cineálacha idirghabhála le haghaidh forbairt tuaithe. Mar thoradh air sin, aisghairtear leis Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 le héifeacht ón 1 Eanáir 2023.

(3) Sa chomhthéacs sin, ghlac an Coimisiún ceanglais bhreise de bhun Rialachán (AE) 2021/2115 maidir le ceapadh na n-idirghabhálacha atá le sonrú sna Pleananna

---

1 IO L 347, 20.12.2013, lch. 487.

2 Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

Straitéiseacha CBT, eadhon le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún[3]. Cuirtear an Rialachán Tarmligthe sin in ionad na rialacha a leagtar síos faoi láthair i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 807/2014 ón gCoimisiún[4].

(4) Ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 807/2014 a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2023. Mar sin féin, i gcomhréir le hAirteagal 154(1) de Rialachán (AE) 2021/2115, ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 807/2014 fós maidir le cur chun feidhme na gclár forbartha tuaithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 go dtí an 31 Nollaig 2025 agus maidir le caiteachas arna thabhú ag na tairbhithe agus arna íoc ag an ngníomhaireacht íocaíochta faoi chuimsiú na gclár forbartha tuaithe sin go dtí an 31 Nollaig 2025,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
***Aisghairm agus forálacha idirthréimhseacha***

Aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 807/2014 le héifeacht ón 1 Eanáir 2023.

Mar sin féin, beidh feidhm ag an Rialachán sin fós maidir le cur chun feidhme na gclár forbartha tuaithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 go dtí an 31 Nollaig 2025 agus maidir le caiteachas arna thabhú ag na tairbhithe agus arna íoc ag an ngníomhaireacht íocaíochta faoi chuimsiú na gclár forbartha tuaithe sin go dtí an 31 Nollaig 2025.

*Airteagal 2*
***Teacht i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais bhreise maidir le cineálacha áirithe idirghabhála arna sonrú ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse 2023 go 2027 faoin Rialachán sin mar aon le rialacha maidir leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC) (IO L 20, 31.1.2022, lch. 52).

[4] Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 807/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tacaíocht d’fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena dtugtar isteach forálacha idirthréimhseacha (IO L 227, 31.7.2014, lch. 1).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17.10.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*